COURTS SERVICE
An tSeirbhís Chúirteanna

TUARASC«IL AGUS R«ITIS AIRGEADAIS
NA
CUNTASŒIR NA GC“IRTEANNA BREITHI“NAIS

2003-2004

CL«R «BHAIR

AN COISTE INFHEISTÍOCHTA AGUS EOLAS EILE 2

RÉAMHRÁ Ó CHATHAOIRLEACH AN CHOISTE INFHEISTÍOCHTA 4

TUARASCÁIL CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS 5

TUARASCÁIL AN BHAINISTEORA INFHEISTÍOCHTA 16

RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ 20

TUARASCÁIL NA nINIÚCHÓIRÍ NEAMHSPLEÁCHA 22

RÁITEAS AR SHÓCMHAINNÍ AGUS FHIACHAIS 24

RÁITEAS AR OIBRÍOCHTAÍ 25

RÁITEAS AR ATHRUITHE I SÓCMHAINNÍ GLANA 26

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS 27

COURTS SERVICE
An tSeirbhís Chúirteanna

COISTE INFHEIST OCHTA AGUS EOLAS EILE

AN COISTE INFHEISTÍOCHTA

An Breitheamh Onórach Joseph Finnegan Uasal, *Uachtarán na hArd-Chúirte*
An Breitheamh Onórach Katherine Delahunt, *Breitheamh den Chúirt Chuarda*
An Breitheamh David Anderson, *Breitheamh den Chúirt Dúiche*
An tUas. Seán Quigley, *Cuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais agus Stiúrthóir Airgeadais*
An tUas. Noel D. Doherty, *An Cláraitheoir, Oifig Choimircithe na Cúirte*
An tUas. John Mahon, *An Cláraitheoir Cúnta Sinsearach, Oifig Choimircithe na Cúirte*
An tUas. Fintan Murphy, *Cláraitheoir Contae, Contae Mhaigh Eo*
An tUas. John Molloy, *Ard-Chléireach, Cúirt Dúiche Chathrach Bhaile Átha Cliath*
An tUas. Jim Farrell, *Saineolaí Seachtrach Neamhspleách (le Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta roimhe seo)*

OIFIG CHLÁRAITHE

Oifig Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais
Teach an Fhionnuisce,
15 - 24 Sráid an Fhionnuisce Thuaidh,
Margadh na Feirme,
Baile Átha Cliath 7.

BAINISTEOIRÍ INFHEISTÍOCHTA

Bank of Ireland Asset Management
40 Bóthar Mespil
Baile Átha Cliath 4.

State Street Global Advisors
21 St. James Square
London SWIY 4SS
United Kingdom.

COIMEÁDAÍ AGUS RIARTHÓIR

JP Morgan Admin Services (Ireland) Ltd
JP Morgan House
IFSC
Baile Átha Cliath 1.

COISTE INFHEISTÍOCHTA AGUS EOLAS EILE (AR LEAN)

COMHAIRLEOIRÍ INFHEISTÍOCHTA

Mercer Investment Consulting
Charlotte House
Sráid Charlemont
Baile Átha Cliath 2.

COMHAIRLEOIRÍ DLÍ

McCann Fitzgerald
Aturnaetha
2 Plás Mháistir an Chuain
An Lárionad Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta
Baile Átha Cliath 1.

INIÚCHÓIRÍ

Deloitte & Touche
Cuntasóirí Cairte
Deloitte & Touche House
Ardán Phort an Iarla
Baile Átha Cliath 2.

RÉAMHR« Œ CHATHAOIRLEACH AN CHOISTE INFHEIST OCHTA

Is mór liom Ráitis Airgeadais Bhliantúla Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais agus an Tuarascáil i leith na bliana dar críoch Meán Fómhair 2004 a chur i bhur láthair. De réir mar a fheicfidh sibh ó na Ráitis Airgeadais agus ón Tuarascáil, táthar tar éis dul chun cinn suntasach a dhéanamh le blianta beaga anuas chun nua-aoisiú a dhéanamh ar bhainistiú agus infheistiú chistí na cúirte. Tá nach mór gach uile cheann de na moltaí i dtuarascáil an chomhairligh infheistíochta neamhspleách; formheasta ag Bord na Seirbhíse Cúirteanna go luath i 2002, curtha i bhfeidhm anois. Cinntíonn an teaglaim de chomhairle infheistíochta neamhspleách saineolach, straitéisí infheistíochta saincheaptha, córais chuntasaíochta cistí nua-aoiseacha agus struchtúir bhreátha rialachais, go mbainistítear cistí cúirte de réir an dea-chleachtais. Bíonn sé seo rí-thábhachtach toisc go mbíonn na cistí a bhíonn faoi bhainistiú Oifig na gCuntasóirí ar son Choimircithe na Cúirte agus na Mionúr i seilbh na gcúirteanna i gcáil mhuiníneach. Toisc go mbíonn na cistí seo i seilbh agus faoi bhainistiú thar cheann roinnt de na baill is leochailí dár sochaí, tá freagracht dochraideach ann a chinntiú go mbíonn leas na dtairbhithe mar phríomh bhéim ag na socruithe.

Rinneadh dul chun cinn suntasach i rith na bliana faoi athbhreithniú chun cistí a aistriú isteach sna cistí infheistíochta nua a bhunaigh Bank of Ireland Asset Management, atá formheasta ag Údarás Rialála Seirbhísí Airgeadais na hÉireann. Infheistíodh timpeall €450m faoi dheireadh Mheán Fómhair 2004 agus táthar ag súil go gcríochnófar aistriú beagnach gach ciste de chuid na hArd-Chúirte faoi bhainistiú an Chuntasóra faoi dheireadh Mheán Fómhair na bliana 2005.

Mar a fheicfidh tú ó na ráitis airgeadais agus ó thuarascáil an Chuntasóra, b'fhíor-shásúil í feidhmíocht infheistíochta sna cistí úra. Leis an mboilsciú díreach os cionn 2% i rith na tréimhse, ghin straitéisí toradh níos airde ná an innéacs praghsanna do thomhaltóirí.

Leanfaidh an Coiste Infheistíochta agus gach duine bainteach i mbainistiú chistí na cúirte; ar aghaidh ag obair lena chinntiú go bhfreastalaítear ar leas na dtairbhithe i gcónaí.



Joseph Finnegan
Uachtarán na hArd-Chúirte
Cathaoirleach an Choiste Infheistíochta

24ú Márta 2005

TUARASC«IL CHUNTASŒIR NA GC“IR TEANNA BREITHI“NAIS

Is é seo an chéad ráiteas airgeadais iniúchta bliantúil déanta ag Cuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais a chomhlíonann an dea-chleachtais chuntasaíochta. Feidhmíonn sé freisin mar bhuaic de chlár mór nua-aoisithe atá tar éis tarlú le blianta beaga anuas ina raibh an dea-chleachtas i ndáil le gach gné de bhainistiú agus infheistiú chistí na gcúirteanna mar an cuspóir for-iomlán.

Tugtar forbhreathnú achomair ar leathanaigh 7 go 15 chun cuidiú le léitheoirí tuiscint a fháil ar dtús ar chúlra na gcistí cúirte agus ina dhiaidh sin chun na hathruithe atá tar éis tarlú le blianta beaga anuas a thuiscint.

Sa bhliain faoi athbhreithniú chonacthas an chéad infheistiú de chistí na cúirte sna feithiclí infheistíochta nua a bunaíodh chun riachtanais áitithe thairbhithe chistí na cúirte a chomhlíonadh. Bhunaigh Bank of Ireland Asset Management na cistí seo agus fuair siad forcheadú ó Údarás Rialála Seirbhísí Airgeadais na hÉireann. Tá go leor oibre crua ag teastáil chun cistí a aistriú i ndáil le beagnach 6,000 cás faoi leith, lena n-áirítear próifíliú gach cás lena chinntiú go ndéanfar riachtanais an duine aonair a chomhoiriúnú leis an straitéis infheistíochta chuí. I measc suim iomlán na gcistí i seilbh Oifig an Chuntasóra, €755m ag 30ú Meán Fómhair 2004, bhí iomlán de €453m (60%) aistrithe chuig na cistí nua ag 30 Meán Fómhair 2004. Táthar ag súil go gcuirfear an cleachtadh seo i gcrích i gcaitheamh na bliana dar críoch Meán Fómhair 2005.

Mhéadaigh cistí iomlána faoi bhainistiú an Chuntasóra ó €710m i Meán Fómhair na bliana 2003 chuig €755m ag deireadh Mheán Fómhair na bliana 2004. Tháinig an méadú seo de dhíreach os cionn €45m ó mhéadú glan i sócmhainní ó oibríochtaí de €28m agus méadú ó idirbhearta caipitil de €17m. Léiríonn an méadú ó idirbhearta caipitil an difríocht idir cistí a íoctar isteach sa chúirt agus cistí a íocadh amach. Áirítear leis an méadú de bharr na n-oibríochtaí €18m de ghnóthachain ghlan neamh-réadaithe ar infheistíochtaí.

Comhdhéanamh na gcistí i seilbh an Chuntasóra ag 30ú Meán Fómhair 2004:

	€000
Cothromas Euro	106,802
Banna Euro	131,747
Airgead Tirim in Euro	211,511
Cothromas Neamh-Euro	57,465
Banna Neamh-Euro	607
Cistí faoi Bhainistiú	48,598
Cuntais Taisce	191,736
Polasaithe Árachais	1,386
Punann Infheistíochtaí	749,852

TUARASCÁIL CHUNTASÓIR NA GCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS (AR LEAN)



FEIDHMÍOCHT INFHEISTÍOCHTA

Bhí feidhmíocht na gcistí nua an-mhaith idir dhíreach faoi bhun 3% don Chiste Airgid Plus agus díreach faoi bhun 7% don Chiste Fáis. Léiríonn na torthaí seo, atá glan ar tháillí bainistíochta infheistíochta, tréimhse díreach thar 9 mí agus tugtar achoimre orthu sa ghraf thíos. Bhí boilsciú praghais don tréimhse chéanna thart ar 2.2%.



C“LRA

NA CÚIRTEANNA AGUS CISTÍ CÚIRTE

Tá ról coimeádaí ag na Cúirteanna i ndáil le cistí a thaisctear sa chúirt de bhun Orduithe Cúirte nó ag cloí le riachtanais reachtaíochta. Is iad seo a leanas an phríomh reachtaíocht agus an fho-reachtaíocht a rialaíonn fáil, bainistiú agus infheistiú na gcistí cúirt-rialaithe ag Cuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais:

- An tAcht Iontaobhaithe (Infheistíochtaí Údaraithe) 1958 agus an tOrdú Iontaobhaithe (Infheistíochtaí Údaraithe) déanta dá bhun sin
- Rialacha na gCúirteanna Uachtaracha

Áirítear leis na príomh chatagóirí de chistí i seilbh na gCúirteanna, go príomha:

(a) Coimircithe na Cúirte; taisctear sa chúirt cistí na ndaoine a chuirtear faoi choimircíocht;

(b) Mionúir; déantar dámhachtainí airgeadais a thugann na Cúirteanna do dhaoine faoi bhun 18 bliain a thaisceadh sa Chúirt go dtí go sroicheann siad aois lánaosta. Sa chás ina meastar réim cúraim fhadtéarmaigh a bheith riachtanach, is féidir mionúr a chur ina gCoimirce Cúirte;

(c) Taiscí ag Páirtithe na nImeachtaí Cúirte; is féidir le páirtí d'imeachtaí na cúirte sibhialta airgead a thaisceadh sa chúirt sa tsúil is go sásófar éileamh de pháirtí eile sna himeachtaí.

RÓL CHUNTASÓIR NA GCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

Bunaíodh Oifig an Chuntasóra agus post Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais go gairid tar éis bhunú an Stáit, faoi réir an Achta Oifigigh Cúirte 1926. Tá sé mar chuntar san Acht go bhfeidhmeoidh an Cuntasóir na feidhmeanna sin mar a bhronnfar nó mar a shannfar orthu faoi reacht nó riail de chuid na cúirte, agus feidhmeoidh agus comhlíonfaidh siad ach go háirithe gach dualgas agus feidhm sin i ndáil leis an Ard-Chúirt, an gCúirt Uachtarach agus an Ard-Bhreitheamh, ar fheidhmigh agus ar chomhlíon Ard-Chuntasóir na Cúirte Uachtaraí de Bhreithiúnacht in Éirinn i ndáil leis an gCúirt sin agus i ndáil le hArd-Seansailéir na hÉireann. Bíonn freagracht ag an gCuntasóir faoi láthair as bainistiú agus infheistiú na gcistí a thagann go €755m.

Is iad na cistí faoi bhainistiú an Chuntasóra ná cistí a choimeádtar faoi rialú na gCúirteanna, agus is i gcáil mhuiníneach thar ceann timpeall 5,730 tairbhí a bhainistítear iad, lena n-áirítear catagóirí éagsúla de dhlíthí, daoine ar Coimircithe na Cúirte agus Mionúir iad agus ar bhronn na Cúirteanna damáistí orthu. Ní mór do na cistí faoi rialú na gCúirteanna a bheith infheistithe faoin dlí de réir an Achta Iontaobhaithe (Infheistíochtaí Údaraithe) 1958 agus na n-orduithe déanta faoina bhun.

RÓL OIFIG CHOIMIRCITHE NA CÚIRTE:

Is cistí iad dhá dtrian (€508m) de na cistí faoi bhainistiú an Chuntasóra a bhíonn i seilbh na gCúirteanna ar son daoine ar coimircithe na cúirte iad agus arb í Oifig Choimircithe na gCúirteanna a phléann lena ngnóthaí. Is forbhreathnú achomair é an méid seo a leanas a mhíníonn conas mar a éiríonn daoine ina gcoimircithe cúirte agus ról Oifig Choimircithe na Cúirte.

Tá go leor daoine ann, bíodh sé de bharr tinnis nó timpiste, a chailleann an cumas chun a gcuid cinntí féin a dhéanamh; is iomaí duine eile ann a shaolaítear le míchumas intleachteach agus nach mbíonn riamh in ann cúram a thabhairt dá ngnóthaí féin. Ligeann córas Choimircithe na Cúirte do chinneadh a bheith déanta ar a son ionas gur féidir leis an gCúirt cinntí a dhéanamh ar riachtanach iad do chosaint phearsa agus mhaoine araon dóibh siúd nach bhfuil lánchumas intinne acu. Is é an prionsabal faoi bhun dhlínse na Coimircíochta ná go bhfeidhmíonn an Chúirt ar an mbealach céanna le tuismitheoir críonna maidir le leas linbh.

Níl dlínse na Coimircíochta teoranta faoi reachtaíocht, cé go bhforáiltear dó i reachtaíocht agus i rialacha na cúirte, agus is dlínse é arna chleachtadh ag an gCúirt faoi réir fhorálacha an Bhunreachta amháin. Bíonn cumhachtaí agus dualgais fhíor-leathana ag an gCúirt dá réir i leith daoine faoi mhíchumas. Dílsítear an dlínse in Uachtarán na hArd-Chúirte, agus is dá réir sin a bhíonn freagracht aige as gnóthaí Choimircithe na Cúirte a bhainistiú. Tá an bainistiú laethúil tiomnaithe aige don Chláraitheoir agus d'fhoireann Oifig Choimircithe na Cúirte. Tá Coiste, ball de theaghlach an Choimircí de ghnáth, ceaptha ag an gCúirt agus iarrtar ar moltaí a dhéanamh i leith cúrsaí ar nós leasa, maoine agus áit chónaithe sa todhchaí don Choimircí.

Tagann an Choimircíocht anuas go hiondúil sna cásanna ina mbíonn maoin ag duine le míchumas intleachtach gur gá a fheidhmiú dá leas agus dá chothabháil. Mar shampla, b'fhéidir go gcaithfí teach a dhíol nó cistí a aistarraingt ó chuntas bainc chun íoc as cúram tí altranais. Tar éis cuntais bhainc a dhíol nó a dhúnadh, taisctear cistí ar leis na Coimircithe iad sa Chúirt agus coimeádtar iad faoi smacht Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais. Is é an Cuntasóir a bhíonn freagrach as na cistí a fháil agus a choimeád, agus infheistíonn seisean na cistí céanna agus tugann sé íocaíochtaí amach de réir mar a stiúrann Cláraitheoir Choimircithe na gCúirteanna dó. Is é an Cláraitheoir a stiúrann go n-infheisteofaí na cistí i gceann amháin de na ceithre straitéis infheistíochta formheasta ag an gCoiste Infheistíochta. Is é an Cláraitheoir a roghnaíonn an straitéis ag féachaint le sócmhainní an Choimircí agus a riachtanais airgeadais leanúnacha. Infheistítear na cistí ionas go soláthróidh siad do na riachtanais sin, de réir mar is féidir, don chuid eile de shaol an Choimircí.

Tugtar mionúir, daoine faoi bhun ocht mbliana déag d'aois, isteach faoi Choimircíocht ar uairibh. D'fhéadfadh sé seo tarlú mar a mbíonn mionúr i dteideal lear mór airgid a eascraíonn ó dhámhachtain Chúirte nó ó oidhreacht. Infheistítear na cistí arís faoi stiúradh an Chláraitheora isteach i gceann amháin de na ceithre straitéis. Tugtar íocaíochtaí rialta chuig tuismitheoirí nó caomhnóirí an mhionúir féin. Ar aois na n-ocht mbliana déag a shroicheadh dóibh, agus mura mbíonn fianaise míochaine ann le héagumas meabhrach a léiriú, bíonn an mionúr i dteideal iarmhéid na gcistí a fháil mar íocaíocht.

NUA-AOISI“ NA CREA TLA CHUN CIST NA C“IR TE A INFHEISTI“

INFHEISTIÚ CHISTÍ NA CÚIRTE

Nuair atá cinneadh á dhéanamh faoin áit agus faoin mbealach le cistí cúirte a infheistiú, is é an forchuspóir ná gan a thuilleadh riosca a ghlacadh ná mar is gá chun go gcomhlíonfaí riachtanais sreabhadh airgid ionchais gach tairbhí don todhchaí. Le go mbainfí é seo amach, bhunaigh an tSeirbhís Chúirteanna ceithre chiste d'ionchais aischuir agus riosca éagsúla. Ligeann an raon seo de chistí don Chúirt nó d'Oifigeach na Cúirte gach tairbhí a leithdháileadh chuig an gciste iomchuí, agus cinntíonn sé nach nglacann aon tairbhí le leibhéal míchuí de riosca infheistíochta i ndáil lena gcúinsí áirithe féin.

Ní mór cistí Cúirte a infheistiú de réir théarmaí an Achta Iontaobhaithe (Infheistíochtaí Údaraithe), 1958 agus na nOrduithe déanta faoina bhun.

Go gairid tar éis a bunaithe chuaigh an tSeirbhís Chúirteanna, go luath i 2000, i mbun chlár fadréimseach nua-aoisithe. Bhí sé seo mar fhreagra ar roinnt tosca lena n-áirítear na moltaí faighte ón nGrúpa Oibre ar Choimisiún Cúirte, faoi chathaoirleacht an Bhreithimh Onóraigh Susan Denham Uasal, Breitheamh na Cúirte Uachtaraí, na hathruithe sa timpeallacht infheistíochta agus athruithe don Réim Infheistíochta Údaraithe ag Iontaobhaithe, arbh í an tSeirbhís Chúirteanna a thionscain go leor acu. Bhí an méid seo riachtanach chun cosaint a thabhairt do leasanna na dtairbhithe. Creideann an tSeirbhíse go gcloíonn an polasaí nua atá á fhorfheidhmiú faoi láthair leis an dea-chleachtas infheistíochta, agus go ligfidh sé dúinn ár leas a bhaint as an raon níos leithne d'infheistíochtaí údaraithe.

D'iarr an tSeirbhís Chúirteanna ar Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (NTMA) go luath i 2000 chun dul i mbun athbhreithnithe dá socruithe agus dá gcórais bainistíochta cistí. Mhol an NTMA go mbunófaí Lár-Aonad Infheistíochta nua, agus go dtabharfaí cuireadh d'institiúidí bainistíochta cistí chun tairiscintí a chur isteach d'fhoireann cistí ina n-infheisteofaí cistí a choimeádann an Chúirt ar son na dtairbhithe.

Cheap an tSeirbhís Chúirteanna Mercer Investment Consulting, gnólacht comhairleoirí infheistíochta neamhspleácha, ina dhiaidh sin chun comhairle a thabhairt ar na socruithe is iomchuí don bhainistiú agus don infheistiú de chistí na Cúirte. Tá straitéisí infheistíochta tar éis a bheith saindeartha chun riachtanais raon na dtairbhithe a chomhlíonadh. Cheadaigh Bord na Seirbhíse Cúirteanna na moltaí i dTuarascáil Mercer in Eanáir 2002, agus tá nach mór gach ceann acu siúd curtha i bhfeidhm ó shin i leith.

Ceapadh socruithe infheistíochta nua tar éis athbhreithnithe mionchruinn le tacaíocht ó Mercer Investment Consulting. Creideann an tSeirbhís Chúirteanna go bhfuil na socruithe seo solúbtha a ndóthain le freastal ar riachtanais na ngrúpaí éagsúla de thairbhithe Cúirte. Mar thoradh air sin tá cistí na dtairbhithe á n-infheistiú i gcistí aonadaithe, ar mheascán de na sócmhainní infheistíochta seo a leanas iad:

- Cothromais (scaireanna i gcomhlachtaí luaite go poiblí)
- Bannaí (eisithe ag Rialtais agus aonáin faoi urraíocht Rialtais)
- Taiscí airgid

B'iad cuspóirí mholtaí Mercer ná na leasanna seo a leanas a bhaint amach:

- Cur chuige saincheaptha um infheistiú a sholáthar do gach tairbhí a fhreagraíonn dá gcúinsí áirithe féin
- Cur chuige comhsheasmhach um infheistiú a sholáthar do chohóirt chosúla tairbhithe
- Áis a bhunú chun monatóireacht agus próiseáil a dhéanamh ar chistí na cúirte chun éifeachtacht uasta a bhaint amach faoi réir an dea-chleachtais
- An éifeachtacht costais i mó is féidir a bhaint amach trí bharainneachtaí an mhórscála

Bíonn aonaid de lear mór sócmhainní i seilbh gach tairbhí, seachas líon beag de shócmhainní faoi leith a bheith ina seilbh astu féin. Bíonn tairbhe leis an socrú comhroinnte seo, lena n-áirítear laghdú suntasach i dtáillí bainisteoirí infheistíochta.

Ceapadh Bank of Ireland Asset Management agus State Street Global Advisors mar bhainisteoirí na gcomhcistí infheistíochta. Is bainisteoirí infheistíochta mór le rá iad an dá institiúid seo agus tá cruthaithe go breá acu le bainistiú cistí den mhéid seo. Tuairiscíonn na bainisteoirí ciste do Choiste Infheistíochta na Seirbhíse Cúirteanna. Mar fhreagra ar riachtanais infheistíochta na gcistí cúirte agus le forcheadú Údarás Rialála Seirbhísí Airgeadais na hÉireann; bhunaigh BIAM an struchtúr infheistíochta seo a leanas:



Infheistíonn na tairbhithe sna cistí speictrim sa struchtúr thuas (aibhsithe le dath glas). Infheistíonn na cistí seo ina dhiaidh sin sna cistí bunúsacha ar sainiúil don mhargadh iad (aibhsithe le dath gorm) sna cionmhaireachtaí imlínithe thíos

NUA-AOISIÚ NA CREATLAÍ CHUN CISTÍ NA CÚIRTE A INFHEISTIÚ (AR LEAN)

LEITHDHÁILEADH SÓCMHAINNÍ NA GCISTÍ SPEICTRIM

Ciste Speictrim Airgid Plus



Ciste Speictrim Banna Plus



Ciste Speictrim Cothrom



Ciste Speictrim Fáis



NUA-AOISIÚ NA CREATLAÍ CHUN CISTÍ NA CÚIRTE A INFHEISTIÚ (AR LEAN)

Is cur síos gearr ar chuspóirí infheistíochta gach straitéis é an méid seo a leanas.

Ciste Airgid Plus

Is straitéis de riosca íseal é Ciste Airgid Plus lena phríomh chuspóir infheistíochta mar luach caipitiúil a choinneáil agus fosta chun luachmhéadú caipitil a ghiniúint agus leibhéal ard de rialú riosca á choinneáil ag an am céanna.

Ciste Banna Plus

Is é príomh chuspóir infheistíochta an Chiste Banna Plus ná chun luach caipitil a chothabháil agus freisin chun leibhéal measartha ioncaim a ghiniúint don tairbhí.

Ciste Cothrom

Tá an Ciste Cothrom deartha le teaglaim d'ioncam réasúnta agus fás caipitiúil folláin a bhaint amach thar an meántéarma go dtí an fadtéarma. Tá 48% cothromas ag an gciste seo, agus is féidir le haschuir a bheith faoi réir éagsúlachtaí margaidh, agus tá riosca ann go dtitfeadh an luach, thar thréimhsí gearrthéarmacha ach go háirithe.

Ciste Fáis

Tá an Ciste Fáis deartha go príomha le luachmhéadú caipitil a ghiniúint agus leibhéal ard de rialú riosca á choinneáil ag an am céanna. Tá 65% cothromas ag an gciste agus is féidir le torthaí a bheith faoi réir éagsúlachtaí margaidh, go háirithe thar thréimhsí gearrthéarmacha. Ní infheisteofaí na cistí dá réir sa chiste seo ach mar a mbíonn léaslíne ama infheistíochta réasúnta fada ann.



MODERNISING THE FRAMEWORK FOR THE INVESTMENT OF COURT FUNDS (CONTINUED)

Léiríonn an graf thíos an chaoi ina bhfuil na ceithre chiste infheistíochta éagsúil óna chéile, de réir an riosca agus an aischuir ionchais:



Chruthaigh Mercer Investment Consulting uirlis réamh-mheastacháin/múnlaithe don tSeirbhís Chúirteanna chun ligean dúinn cistí gach tairbhí a leithroinnt do cheann amháin de na straitéisí thuas, bunaithe ar chúinsí áirithe an tairbhí faoi leith. Braithfidh an straitéis a roghnófar go forleathan ar:

- aois an tairbhí
- an tsuim le hinfheistiú, agus
- an leibhéal caiteachais bhliantúil réamh-mheasta

Déanfar athbhreithniú tréimhsiúil ar gach cás, agus má athraíonn cúinsí an tairbhí, athrófar an straitéis féin dá réir.

NUA-AOISIÚ NA CREATLAÍ CHUN CISTÍ NA CÚIRTE A INFHEISTIÚ (AR LEAN)

COISTE INFHEISTÍOCHTA

Tá an coiste infheistíochta déanta suas de bhaill den bhreithiúnacht, oifigigh chúirte le freagrachtaí i leith cinntí infheistíochta a dhéanamh, an Stiúrthóir Airgeadais agus saineolaithe neamhspleácha. Tá an Coiste faoi chathaoirleacht Uachtarán na hArd-Cúirte. Tá feidhm comhairleach aige agus is é a phríomh fheidhm ná polasaí infheistíochta a cheapadh do chistí Cúirte agus maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmiú na moltaí i dTuarascáil Mercer agus a dheimhniú go gcloítear le dea-chleachtas agus cistí cúirte á bhainistiú. Tháinig an Breitheamh Catherine Delahunt in áit an Bhreithimh Sean O Leary a fuair ardú céime go dtí an Ard-Cúirt le linn na bliana.

Tagann an Coiste le chéile go ráithiúil agus tá a bhallraíocht mar seo a leanas:

AINM AGUS BUNÚS BALLRAÍOCHTA

An Breitheamh Onórach **Joseph Finnegan** Uasal

Uachtarán na hArd-Chúirte nó Breitheamh den Ard-Chúirt Ainmnithe ag an Uachtarán

An Breitheamh Onórach **Katherine Delahunt**

Uachtarán na Cúirte Cuarda nó Breitheamh den Chúirt Chuarda Ainmnithe ag an Uachtarán

An Breitheamh **David Anderson**

Uachtarán na Cúirte Dúiche nó Breitheamh den Chúirt Dúiche Ainmnithe ag an Uachtarán

An tUasal **Sean Quigley**

Cuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais / Stiúrthóir Airgeadais na Seirbhíse Cúirteanna

An tUasal **Noel D. Doherty**

An Cláraitheoir, Oifig Choimircithe na Cúirte

An tUasal **John Mahon**

An Cláraitheoir Cúnta Sinsearach, Oifig Choimircithe na Cúirte

An tUasal **Fintan Murphy**

Cláraitheoir Contae ainmnithe ag an bPríomh-Oifigeach Feidhmiúcháin i gcomhairle le hUachtarán na Cúirte Cuarda

An tUasal **John Molloy**

Ard-Chléireach ón gCúirt Dúiche ainmnithe ag an bPríomh-Oifigeach Feidhmiúcháin i gcomhairle le hUachtarán na Cúirte Dúiche

An tUasal **Jim Farrell**

Saineolaí Seachtrach Neamhspleách, a bhí le Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta roimh seo

An tUasal **Paddy O' Neill**

Rúnaí

ATHRÚ A CHUR I BHFEIDHM

Tá dul chun cinn fíor-shuntasach déanta in athruithe móra a dhéanamh i leith cistí cúirte a bhainistiú agus a infheistiú ó bunaíodh an tSeirbhis Chúirteanna. Chomh maith leis na rudaí pléite thuas chuaigh córas nua cuntasaíocht ciste beo in Iúil 2003. Bhí an-chuid oibre tugtha faoi ag an bhfoireann tionscadail chun an córas nua seo a chur i bhfeidhm lena n-áirítear:

- Sonraí a aistriú agus a réiteach ó mhórleabhar láimhe go córas ríomhaireachta. Bhí 6,000 cuntas ar leith i gceist sa phróiseas seo.
- An t-athstruchtúrú de na próisis agus gnáthaimh in Oifig na gCuntasóirí chun riachtanais agus cleachtais an lae inniu a léiriú.
- Córas ríomhaireachta cuntasaíochta ciste nua a thabhairt isteach in áit a raibh feidhmiú láimhe ar fad ann go dtí sin.

Bhí dúshláin mhóra in aghaidh na foirne tionscadail ach réitíodh iad go rathúil agus in am.

LEASÚ REACHTÚIL

Tá an tSeirbhís Chúirteanna tar éis a bheith onnghníomhach i bhforálacha reachtúla a aithint a chuir bacadh ar an mbainistíocht infheistíochta is éifeachtaí, is éifeachtúla agus is eacnamaíche de chistí cúirte d'iarr siad ar iad a athrú. D'éirigh le moltaí curtha faoi bhráid na Roinne Airgeadais le haghaidh athruithe sa réim Infheistíochta Údaraithe ag Iontaobhaithe agus moltaí áirithe maidir le cáin a ghearradh ar chistí cúirte thar an dá bhliain seo chaite.



Sean Quigley
Cuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais

24ú Márta 2005

TUARASC«IL AN BHAINISTEORA INFHEIST OCHTA

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 30 MEÁN FÓMHAIR 2004

Mar atá tógtha san áireamh i dTuarascáil Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais, bhí chuid mhór de na cistí faoi riaracháin curtha faoi bhainistíocht Bank of Ireland Asset Management (BIAM) le linn na bliana faoi athbhreithniú. Rinneadh na hinfheistíochtaí seo trí Iontaobhas Aonaid Speictrim an BIAM agus Iontaobhas Aonaid Rolla Suas Comhlán an BIAM. Ag deireadh na bliana bhí €453m, 60.4% de na cistí iomlán de €755m faoi reachtaíocht faoi bhainistíocht an BIAM.

Tá BIAM tar éis Tuarascáil na mBainisteoirí Infheistíochta seo a leanas a ullmhú maidir lena mbainistíocht de na cistí seo sa bhliain faoi athbhreithniú.

FEIDHMÍOCHT CHISTÍ SPEICTRIM (TÚS GO DTÍ DEIREADH MHEÁN FÓMHAIR 2004)

Feidhmíocht an Chiste Speictrim (Comhlán de Tháillí Bainistíochta)



Nótaí: Tá na tagarmharcanna FTSE don BIAM GRU Indexed Eurozone Equity Fund agus don BIAM GRU Indexed World ex Eurozone Fund athraithe do cháin shiarchoinneálach díbhinne nach féidir a athghabháil.

Tá botún rianaithe beag, atá laistigh de chuspóir feidhmíochta an chiste, ar na Cistí Cothromaithe agus Fáis gur féidir a chur i leith méid beag an chiste agus an innéacs leathan rianaithe ag na cistí seo.

Rinneadh an chéad praghas aonaid a ríomh ar an 11ú Nollaig 2003.

CISTE AIRGID TIRIM

Bhí an méadú i rátaí úis margaidh ghearrthéarmach mall ag tosach na tréimhse athbhreithnithe i measc imní nach raibh fás eacnamaíoch fós daingean. Freisin d'fhán boilsciú íseal go leor, ag laghdú an dóchúlacht go spreagfadh sé lucht déanamh-cinnidh ar pholasaí airgeadaíochta a gcuid rátaí oifigiúla a mhéadú. Mar sin féin, mar a bhogamar ar aghaidh go dtí an dara ráithe, d'athraigh ionchais mar gheall ar mhéadú i rátaí go mór. Bhí sé seo le feiceáil go mór sa gheilleagar Meiriceánach mar léirigh sé fuinneamh leanúnach agus brúnna boilscithe áirithe. Bhí imní níos mó ann faoin ráta méadaithe praghsanna de bharr méadú i bpraghsanna ola go buaiceanna 14-bliain. Bhí an t-athrú seo mar réamh-shampla do roinnt mhaith gheilleagair.

Fiú nár athraíodar a bpríomh ráta ó 2%, dúirt Banc Ceannais na hEorpa go raibh roinnt rioscaí ag baint le cobhsaíocht phraghais chomh maith. Rinneadh sé tagairt do dhinimicíocht eacnamaíoch domhanda a chuirfeadh brú méadaithe ar phraghsanna earraí, le praghsanna ola san áireamh. Faoi deireadh Mheán Fómhair, bhí Bank of England tar éis cúig mhéadú a chur i bhfeidhm ina chiogal reatha chun a ráta úis thagarmhairc a thabhairt go dtí 4.75%. Chuaigh Cúlchiste Cónaidhme na Stát Aontaithe leis na cungoirí ráta úis ar nós Bank of England nuair a ardaigh sé a rátaí ag trí chruinniú as a chéile i Meitheamh, Lúnasa agus Meán Fómhair. Thóg sé seo ráta na gcistí cónaidhme suas ó leibhéal íseal daichead bliana de 1% go dtí 1.75%.

Faoi dheireadh na tréimhse athbhreithnithe, bhí na margaí tar éis bogadh siar ar an gclár-ama ionchais do ghearrthacha ráta úis de réir mar a chuaigh praghas ola go leibhéil i bhfad níos airde, le baol ann go rachadh sé thar an leibhéil de $50 an bhairille do roinnt chatagóirí d'amhola agus bhí imní sna bainc cheannais faoin tionchar féideartha ar gheilleagair.

Le linn na tréimhse faoi athbhreithniú, ghin an Merrill Lynch Libid 3-month Constant Maturity Index aischur de 1.62%.

CISTE BANNA AN LIMISTÉIR EURO

Bhí margaí banna luaineach le linn cuid mhór den tréimhse athbhreithnithe i measc na hanbhuaine geopholaitiúil leanúnach agus comharthaí difriúla ag teacht ó scaoilte eacnamaíocha. Fiú go mbeadh an staid eacnamaíoch ag feabhsú braite mar neamh-fhabhrach do bhannaí de ghnáth ar eagla go gcuirfí le boilsciú, mar sin féin bhí aischuir mhaithe ar bhannaí. Le linn na míonna deiridh den tréimhse athbhreithnithe, thosaigh torthaí bhannaí ag titim de réir mar a chuaigh praghsanna ola suas go tobann. Fiú le praghas ola ag ardú, bhí sonraí boilscithe le tamall anuas níos boige ná mar a bhí súil le, agus dá bhrí sin tá deis ann nach mbeidh gá ann leibhéil úis a ardú chomh tapa is a ceapadh go dtí seo .

Lean geilleagair thionsclaíochta ag forleathnú le linn na bliana seo caite in ainneoin maolú áirithe sa dara ráithe. Bhí geilleagar an Limistéir Euro, i measc eile, láidir i gcoinne an fháis i bpraghsanna amhola

agus earraí eile. Níor spreag fás athnuaite agus praghsanna ola níos airde brúnna boilscithe suntasacha. Níl praghsanna tomhaltóra ag ardú mar thoradh ar phraghsanna ionchuir níos airde de réir fórsaí iomaíocha an phraghais (ceartaithe do bhoilsciú) fhíor réasúnta go leor d'ola. Níl sé chomh dealraitheach mar sin go mbeidh ar na bainc cheannais na rátaí úis a ardú chun dul i gcoinne imní boilscithe poitéinsiúil.

Fiú go bhfuil fás eacnamaíoch sa limistéir euro níos tapa ná mar a bhí tuartha ag tosach na bliana, d'ísligh an gainne d'éileamh baile i roinnt tíortha chomh maith le dífhostaíocht ard an dóchúlacht go gcuirfeadh Banc Ceannais na hEorpa rátaí níos mó i bhfeidhm i 2004. Ghin an Merrill Lynch Eurozone Government Bond Index (thar 5 bliana) aischur de 7.03% le linn na tréimhse athbhreithnithe.

COTHROMAIS DOMHANDA EX LIMISTÉIR EURO

In ainneoin ceanngaoithe láidre, ghin margaí cothromais domhanda aischuir láidre le linn an 12 mí faoi athbhreithniú. Ag caint go ginearálta, bhí aischuir níos láidre le feiceáil sna céad mhíonna den tréimhse faoi athbhreithniú, leis an dara leath den tréimhse níos luainí idir praghsanna ola ag ardú agus imní mar gheall ar luas fáis eacnamaíoch. Chuaigh tuilleamh corparáideach thar fhaisnéisí na n-anailísithe, ach mar sin féin tá luas fáis ag moilliú. Bhí fás tuillimh sna Stáit Aontaithe i Q1 mar 26% agus lean ardú de 24% sa dara ráithe, ar bhonn bhliain-ar-bhliain. Bhí na feabhsuithe tuillimh is mó le feiceáil i gcomhlachtaí le laofacht teicneolaíochta nó cioglach, ach mar sin féin bhí fás láidir i mbrabús thar mórán earnálacha. Ag teacht go deireadh na tréimhse athbhreithnithe bhí meathlú áirithe i gcaighdeán thuillimh, agus bhí roinnt chomhlachtaí le próifíl ard ag cur treoir leasaithe amach don chuid eile den bhliain. Chuir an FTSE Developed World ex Eurozone Index suas aischur ceartaithe de 6.84% don tréimhse faoi athbhreithniú*.

Rinne margadh cothromais an SA maith go leor, ach mar sin féin tá sé níos luainí le cúpla mhí anuas mar a bhí an praghas ard de ola ag cur isteach ar infheisteoirí. Mar sin féin, bhí an fás i dtuilleamh corparáideach láidir, le fás thar 20% i ngach ceann de na ceithre ráithe deireanacha. Bhí na hearnálacha cruach, fuinnimh agus tógála idir na gníomhairí ba láidre agus chuaigh tionchar na hearnálacha teicneolaíochta ar fheidhmíocht síos de réir mar a chuaigh an bhliain ar aghaidh. Ní dhearna na haerlínte dul chun cinn maith de bharr an praghas ard d'ola ag chur na n-iompróirí faoi bhrú, agus bhí aischuir dhiúltacha ag stoic leathsheoltóra freisin.

Bhí a lán de na cuspóirí a bhí le feiceáil sna margaí domhanda le feiceáil san RA freisin. Rinne na hearnálacha cruach, eastáit réadaigh agus áisiúlachtaí an dul chun cinn ach bhí aischuir laga á ghiniúint ag na hearnálacha teicneolaíochta. Leis an méadú sa phraghas tithíochta le tamall anuas, tá stoic eastáit réadach an-choitianta le hinfheisteoirí. Chabhraigh an láidreacht i bpraghsanna cruach chun aischur mór a thabhairt don earnáil seo, agus fuair áisiúlachtaí tacaíocht mhaith i 2004 mar a bhí infheisteoirí ag lorg sruthanna tuillimh iontaofa.

Ar dtús rinne stocmhargadh na Seapáine dul chun cinn mór de réir mar a rinne bainc a bhíodh faoi brú cheana borradh mór de bharr soirbhíochas nua sa gheilleagar. Tá na gnóthachain a bhí le feiceáil san earnáil seo tar éis titim siar ó shin de bharr buarthaí mar gheall ar an tionchar féideartha de phraghas ola níos airde ar an ngeilleagar. Freisin tá onnmhaireoirí tagtha faoi bhrú áirithe, go háirithe nuair a chur an tSín in iúl go raibh sé chun an ráta fáis eacnamaíoch a laghdú chun brúnna boilscithe a choinneáil. Bhí feidhmíocht iontach ag an earnáil eastáit réadaigh idir soirbhíochas nua don mhargadh maoine a bhí spealta roimhe seo, agus threisigh an t-ardú i bpraghsanna thráchtearraí ar fud an domhain rath na n-earnálacha cruach, ola agus guail.

COTHROMAS AN LIMISTÉIR EURO

Bhí margaí cothromais an Limistéir Euro baoite suas ag an timpeallacht eacnamaíoch idirnáisiúnta láidir. Tiomáinte ag éileamh nua ó na SA agus ón tSín, rinne a lán comhlachtaí sa Limistéir Euro méadú ar a gcuid brabúis d'ainneoin éilimh laga i ngeilleagair intíre . Tá tuilleamh corparáideach Eorpach méadaithe go mór le linn na bliana seo caite de réir mar atá an athbheochan eacnamaíoch domhanda tar éis méadú a chur ar éileamh iomlán. Chuir sé seo feabhas ar tharraingteacht roinnt mhaith chothromais in ainneoin an fáis eacnamaíoch mall i roinnt tíortha Eorpacha. Chláraigh an FTSC World Eurobloc Index aschur ceartaithe de 6.32% ón tosach go dtí 30ú Meán Fómhair*. Sa Ghearmáin, rinne an Dax Index dul chun cinn le hearnálacha áisiúilachta, acmhainní bunúsacha agus na meán cumarsáide ag ghiniúint aischuir láidre. Tar éis dul chun cinn maith a dhéanamh ar dtús, chláraigh na hearnálacha teicneolaíochta aischuir laga. Ghin CAC-40 Index na Fraince aischur dearfach freisin de bharr stoic áisiúlachta agus acmhainní.

Rinne geilleagar an Limistéir Euro a dhul chun cinn réasúnta a choinneáil ins an dara ráithe, le leathnú de 0.5% ag tógáil ar an 0.6% taifeadta sa thrí mhí roimhe sin. Ar fud mórán den réigiúin, tá an athghabháil ag dul ar aghaidh go maith ach fós fanann onnmhairí mar ranníocóir mór d'fhás. Fiú nach dtarraingíonn an ráta fáis aon ghairm mhór, fós tá sé níos fearr ná mar a bhíothas ag súil le ag tosach na bliana. Níor lean Banc Ceannais na hEorpa na gníomhartha glactha ag Cúlchiste Cónaidhme na Stát Aontaithe ina gcuid rátaí a ardú, ag coimeád an ráta oifigiúil ag 2%. Fad is atá praghsanna ola ag ardú arís, d'fhan leibhéil bhoilscithe íseal go leor ach fós tá siad níos mó ná an sprioc de 2%.

* Tá aischuir chánach an FTSE Developed World ex Eurozone agus an FTSE Eurobloc Index ceartaithe do cháin shiarchoinneálach díbhinne nach féidir a athghabháil.

Bank of Ireland Asset Management

Bainisteoir Infheistíochta

R«ITEAS AR FHREAGRACHTA AGUS TUARASC«IL CHUNTASŒIR NA GC“IRTEANNA BREITHI“NAIS

RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ AN CHUNTASÓRA

Bunaíodh Oifig Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais agus an post de Chuntasóir faoi Ailt 15 agus 16 den Acht Oifigigh Cúirte 1926. Tá ar an gCuntasóir de réir Ordú 77 Riail 96 de Rialacha na Cúirte Uachtaraigh cuntas a ullmhú ar nó roimh 31ú Márta ag taispeáint an méid airgid iomlán tugtha don Chúirt agus tógtha ón gCúirt le linn na bliana dar críoch 30ú Meán Fómhair sa bhliain roimhe. Caithfidh an cuntas iarmhéid na gcistí sa Chúirt a thaispeáint ag tosach agus deireadh gach bliain. Caithfear cóipeanna den chuntas a chur chuig an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus an Aire Airgeadais. Tá bunús an ullmhaithe agus na polasaithe cuntasaíochta leagtha amach ar leathanach 27.

RÁITEAS AR AN GCÓRAS RIALAITHE AIRGEADAIS INMHEÁNAIGH

Admhaíonn an Cuntasóir go bhfuil sé freagrach as deimhniú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh maidir le feidhmiú Oifig an Chuntasóra.

Ní féidir leis an gcóras ach deimhniú réasúnta seachas cinnte a thabhairt go bhfuil sócmhainní cosanta, go bhfuil idirbhearta údaraithe agus taifeadta i gceart agus go bhfuil cosc ar bhotúin ábhartha agus mírialtachtaí nó go n-aithnítear iad i mbealach tráthúil.

PRÍOMH GHNÁTHAIMH RIALAITHE

Dearbhaím go bhfuil timpeallacht rialaithe ar bun ina bhfuil na gnéithe seo a leanas:

- tá gnáthaimh fhoirmiúla bunaithe chun teipeanna rialaithe a thuairisciú agus chun gníomhaíocht cheartúcháin fheiliúnach a chinntiú
- tá róil agus freagrachtaí sainmhínithe go soiléir ann
- Tá gnáthaimh i bhfeidhm chun teipeanna rialaithe suntasacha a thuairisciú chuig an gCoiste Infheistíochta, an Coiste Airgeadais agus an Coiste Iniúchta agus lena chinntiú go bhfuil gníomhaíocht cheartúcháin tógtha.

Faoi na socruithe rialachais bunaithe ag Bord na Seirbhíse Cúirteanna tá feidhm iniúchta inmheánaigh a oibríonn de réir cairte formheasta. Ceann de na príomh fheidhmeanna den aonad iniúchta inmheánaigh ná tuairisciú ar fhóntacht agus éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh i bhfeidhm ag Oifig an Chuntasóra.

RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ AGUS TUARASCÁIL CHUNTASÓIR NA GCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

Le linn na bliana d'úsáideadh comhairleoirí seachtracha chun athbhreithniú ard-leibhéil a dhéanamh ar na rialaithe agus na gnáthaimh i bhfeidhm ag ár mbainisteoirí ciste agus ár gcoimeádaí. De bharr an athbhreithnithe seo rinneadh feabhsuithe ar na socruithe tuairiscithe a chuir eolas de chaighdeán níos fearr ar fáil d'Oifig an Chuntasóra. Tá cainteanna leanúnacha ar súil idir an Cuntasóir, Bank of Ireland Asset Management agus ár n-iniúchóirí Deloitte maidir le forbairtí níos mó atá dírithe ar an rialachas, an tuairisciú agus an timpeallacht rialaithe a fheabhsú.

Díreach i ndiaidh deireadh na tréimhse clúdaithe ag an tuarascáil seo thosaigh an tSeirbhís Chúirteanna ar chreatlach bhainistíochta riosca fhoirmiúil a bhunú. Déanfaidh na bearta an rialachas agus an timpeallacht rialaithe a neartú maidir le cistí cúirte a bhainistiú. Tá athbhreithniú déanta ag an Seirbhís Chúirteanna ar a slándáil teicneolaíochta faisnéise agus beidh aon mholtaí curtha i bhfeidhm a bhfuil gá leo chun cur leis an timpeallacht rialaithe maidir le cistí cúirte a bhainistiú.

Cuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais
Dáta: 29ú Márta 2005

TUARASC«IL NA NINI“CHŒIR NEA MHSPLE«CHA CHUIG CUNTASŒIR NA GC“IRTEANNA BREITHI“NAIS

Tá iniúchadh déanta againn ar ráitis airgeadais Oifig Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais don bhliain dar críoch 30 Meán Fómhair 2004 atá déanta suas den Ráiteas ar Shócmhainní agus Fhiachais, an Ráiteas ar Oibríochtaí agus an Ráiteas ar Athruithe i Sócmhainní Glan agus na nótaí ábhartha. Tá na ráitis airgeadais seo ullmhaithe faoi réir na bpolasaithe cuntasaíochta leagtha amach iontu.

Tá ár gcuid oibre iniúchta tugtha faoi i dtreo is go mbeimis in ann na hábhair a shainiú don Chuntasóir a bhfuil dualgas orainn a shainiú dó i dtuarascáil na n-iniúchóirí agus ní d'aon aidhm eile. Don chuid is mó is féidir de réir an dlí, ní ghlacaimid le bheith freagrach d'aon duine ach amháin an Cuntasóir as ár gcuid oibre iniúchta, as an tuarascáil seo, nó as na tuairimí atá againn.

FREAGRACHTAÍ AN CHUNTASÓRA AGUS NA N-INIÚCHÓIRÍ FAOI SEACH

Tá an Cuntasóir freagrach as Tuarascáil Bhliantúil a ullmhú leis iad seo a leanas san áireamh, mar atá leagtha amach sa Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Chuntasóra, na ráitis airgeadais a ullmhú de réir Rialacha na gCúirteanna Uachtaraigh, Ordú 77, Riail 96. Tá ár bhfreagrachtaí, mar iniúchóirí neamhspleácha, bunaithe in Éirinn ag caighdeáin iniúchta mar atá fógartha ag an mBord um Chleachtais Iniúchóireachta in Éirinn agus ag treoir eiticiúil ár ngairm.

Tuairiscímid ár dtuairim duit ar cibé an dtugann na ráitis airgeadais léiriú fíor agus cothrom agus cibé an bhfuil siad ullmhaithe i gceart de réir Rialacha na gCúirteanna Uachtaraigh, Ordú 77, Riail 96.

Léamar an t-eolas eile sa Tuarascáil Bhliantúil don bhliain thuas mar atá léirithe sa chlár ábhair agus rinneamar a comhsheasmhacht leis na ráitis airgeadais iniúchta a mheas. Cuimhnímid ar na himpleachtaí dár dtuarascáil má thugaimid faoi deara go bhfuil aon mhífhaisnéis nó neamhréireanna ábhartha leis na ráitis airgeadais. Nílimid freagrach as aon eolas eile.

BUNÚS NA TUAIRIME INIÚCHTA

Rinneamar ár iniúchadh de réir na gcaighdeán iniúchta eisithe ag an mBord um Chleachtais Iniúchóireachta a ghlactar leo go ginearálta in Éirinn. Bíonn scrúdú san áireamh in iniúchadh, ar bhonn tástála, d'fhianaise a bhaineann leis na méideanna agus na nochtaí sna ráitis airgeadais. Tógann sé san áireamh freisin measúnú de na meastacháin agus breithiúnais mhóra déanta ag na stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais á ullmhú acu, agus cibé an bhfuil na polasaithe cuntasaíochta feiliúnach do chúinsí Oifig Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais.

Rinneamar ár n-iniúchadh a phleanáil agus a chur i bhfeidhm i dtreo is go bhfaighimid an t-eolas agus na míniúcháin go léir a cheapamar a bheith riachtanach chun go leor fianaise a thabhairt dúinn lena chinntiú go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhífhaisnéis, cibé de bharr calaois nó botún eile. Ag teacht ar ár dtuairim rinneamar fóntacht na slí ina bhfuil eolas curtha i láthair sna ráitis airgeadais a mheas.

TUARASCÁIL NA NINIÚCHÓIRÍ NEAMHSPLEÁCHA CHUIG CUNTASÓIR NA GCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

TUAIRIM

Inár dtuairimse tugann na ráitis airgeadais léiriú fíor agus cothrom ar staid Oifig Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais ar 30 Meán Fómhair 2004 agus ar a thoradh don bhliain dar críoch ar an dáta sin, agus tá siad ullmhaithe i gceart de réir Rialacha na gCúirteanna Uachtaraigh, Ordú 77, Riail 96.

Tá an t-eolas agus na míniúcháin go léir faighte a mheasamar a bheith riachtanach dár iniúchadh. Inár dtuairimse tá an t-aonán tar éis leabhair chuntais chearta a choimeád. Tá an clár comhardaithe agus a ráiteas ar oibríochtaí in aontú leis na leabhair chuntasaíochta.

Inár dtuairimse tá an t-eolas tugtha in Athbhreithniú an Chuntasóra ar Oibríochtaí comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais.

Deliotte & Touche
Cuntasóirí Cairte agus Iniúchóirí Cláraithe
Baile Átha Cliath
31 Márta 2005

R«ITEAS AR SHŒCMHAINN AGUS FHIACHAIS

AR 30 MEÁN FÓMHAIR 2004

	Nótaí	2004 €	2003 €
SÓCMHAINNÍ INFHEISTÍOCHTA			
Infheistíochtaí	4	749,852,358	699,489,595
SÓCMHAINNÍ REATHA			
Féichiúnaithe	5	5,907,298	7,581,527
Banc		-	2,821,429
SÓCMHAINNÍ IOMLÁN		755,759,656	709,892,551
FIACHAIS REATHA			
Creidiúnaithe	6	40,086	273
Banc	6	427,065	-
FIACHAIS IOMLÁN		467,151	273
SÓCMHAINNÍ REATHA GLAN		5,440,147	10,402,683
SÓCMHAINNÍ IOMLÁN GLAN		755,292,505	709,892,278
Léirithe ag:			
Cistí i gcoimeád do thairbhithe ag deireadh na bliana	7	755,292,505	709,892,278

Rinne an Cuntasóir na ráitis airgeadais a fhormheas ar 29ú Márta 2005

Cuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais

FÉACH AR NA NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

R«ITEAS AR OIBR OCHTA

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 30 MEÁN FÓMHAIR 2004

	Nótaí	2004 €
IONCAM INFHEISTÍOCHTA	9	10,095,729
COSTAIS	10	(3,200,754)
GNÓTHACHAN INFHEISTÍOCHTA GLAN		6,894,975
GNÓTHACHAIN GHLANA RÉADAITHE AGUS NEAMH-RÉADAITHE		
Gnóthachan glan réadaithe ar infheistíochtaí curtha de láimh le linn na bliana		2,821,002
Athrú glan i ngnóthachan neamh-réadaithe ar infheistíochtaí		18,243,496
Gnóthachain réadaithe ar aistriú amach le linn na bliana		55,179
GNÓTHACHAIN GHLANA RÉADAITHE AGUS NEAMH-RÉADAITHE		21,119,677
MÉADÚ I SÓCMHAINNÍ GLAN Ó OIBRÍOCHTAÍ		28,014,652

Rinne an Cuntasóir na ráitis airgeadais a fhormheas ar 29ú Márta 2005

Cuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais

FÉACH AR NA NÓTAÍ A BHAINEANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

R«ITEAS AR ATHRUITHE I SŒCMHAINN GLAN

DON BHLIAIN DÁR CRÍOCH 30 MEÁN FÓMHAIR 2004

	2004 €
MÉADÚ I SÓCMHAINNÍ GLAN Ó OIBRÍOCHTAÍ	
Gnóthachan infheistíochta glan	6,894,975
Gnóthachan glan réadaithe ar infheistíochtaí	2,821,002
Gnóthachan glan neamh-réadaithe ar infheistíochtaí	18,298,675
MÉADÚ GLAN I SÓCMHAINNÍ GLAN Ó OIBRÍOCHTAÍ	28,014,652
IDIRBHEARTA CAIPITIÚLA	
Íocaíochtaí isteach	154,620,676
Íocaíochtaí amach	(137,235,102)
MÉADÚ GLAN I SÓCMHAINNÍ GLAN Ó IDIRBHEARTA CAIPITIÚLA	17,385,574
Méadú in sócmhainní glan sa bhliain	45,400,226
Sócmhainní glan ag tosach na bliana	709,892,278
SÓCMHAINNÍ GLAN AG DEIREADH NA BLIANA	755,292,504

FÉACH AR NA NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 30 MEÁN FÓMHAIR 2004

1. GINEARÁLTA - STÁDAS DLÍTHIÚIL

Déanann Cuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais an Ciste a bhainistiú i gcuma iontaobhach ar son na dtairbhithe. Tá an príomh reachtaíocht agus an reachtaíocht tánaisteach a rialaíonn an fáltas, bainistíocht agus infheistíocht de chistí rialaithe ag an Cúirt mar seo a leanas:

- An tAcht Oifigigh Cúirte 1926
- An tAcht Iontaobhaithe (Infheistíochtaí Údaraithe), 1958 agus na horduithe Iontaobhaithe (Infheistíochtaí Údaraithe) déanta faoina bhun.
- Rialacha na gCúirteanna Uachtaraigh.

2. POLASAITHE CUNTASAÍOCHTA

(a) Bunús an ullmhaithe

Tá na ráitis airgeadais seo ullmhaithe de réir na gcaighdeán cuntasaíochta glactha go ginearálta in Éirinn. Níl figiúirí comparáideacha don bhliain roimhe le fáil sa Ráiteas ar Oibríochtaí agus sa Ráiteas ar Athruithe i Sócmhainní Glan, mar níl an t-eolas seo ar fáil go héasca. Tagann sé seo chun cinn de bharr athruithe móra i gcórais chríochnaithe sa bhliain faoi athbhreithniú.

(b) Luacháil Infheistíochtaí

Déantar infheistíochtaí liostaithe agus cistí aontaithe a luacháil ar a bpraghas tairisceana áit a bhfuil siad luaite ar stocmhalartán aitheanta. Déantar polasaithe árachais a luacháil ag a luach géillte mar a dheimhníonn na comhlachtaí árachais go neamhspleách. Déantar infheistíochtaí eile a luacháil ag a luach taisce ag tógáil ús fabhraithe ag deireadh na bliana san áireamh.

(c) Ioncam

Déantar ioncaim úis agus díbhinne a thaifeadadh ar bonn fabhraithe.

(d) Gnóthachain agus caillteanais réadaithe

Déantar idirbhearta infheistíochta a thaifeadadh ar bhonn dáta trádála. Déantar gnóthachain nó caillteanais réadaithe ar dhíolacháin d'urrúis trádála a ríomh ar bhonn an céad isteach, an céad amach. Déantar gnóthachain nó caillteanais réadaithe ar dhíolacháin d'aonaid den Chiste Speictrim a ríomh ar bhonn an mheáin. Déantar gnóthachain nó caillteanais réadaithe agus neamh-réadaithe ar infheistíochtaí a thaifeadadh sa ráiteas ar oibríochtaí.

(e) Costais

Déantar costais a thaifeadadh ar bhonn fabhraithe. Cuirtear costais isteach sa ráiteas ar oibríochtaí, ach amháin costais de bharr infheistíochta, atá curtha san áireamh i gcostas na hinfheistíochta sin.

3. TÁILLÍ AGUS COSTAIS

3.1 Táillí Cúirte

Cuirtear acmhainní móra chun cinn, go háirithe in Oifig an Chuntasóra agus Oifig Choimircithe na Cúirte, chun gnóthaí dhaoine a bhfuil mar choimircithe cúirte agus mionúir a bhainistiú. Le blianta beaga anuas tá infheistíocht mhór déanta chun na socruithe maidir le cistí cúirte á choimeád ar son coimircithe cúirte agus mionúir a bhainistiú agus a infheistiú chun go mbeidís i gcomhréir le dea-chleachtas. Mar ranníocaíocht chuig costais na n-oibríochtaí seo gearrtar táillí cúirte ar idirbhearta éagsúla a bhaineann leis an mbainistiú agus leis an bpróiseáil de chistí cúirte ag Oifig an Chuntasóra. Rinne an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus an tAire Airgeadais na hathruithe seo a fhormheas agus tá siad mar chuid de Orduithe Táillí na hArd-Cúirte agus na Cúirte Uachtaraigh. Tá táillí de €1.36m bainte as de bharr idirbhearta próiseáilte in Oifig an Chuntasóra le linn na bliana dar críoch 30ú Meán Fómhair 2004. Tháinig táillí de €0.633m chun cinn maidir le céatadáin chúirte a ghearrtar ar chistí coimeádta ar son Coimircithe Cúirte. Sa mhéid gearrtha maidir le céatadáin chúirte le linn na tréimhse dar críoch 30ú Meán Fómhair 2004 bhí suim de €0.559m a léirigh an bhailiú de riaráiste ar na táillí seo a bhí don tréimhse ó 1996 go 2002. Tá a thuilleadh eolais tugtha ar leathanaigh 5 go 15 maidir leis an gclár nua-aoisithe a chuir an tSeirbhís Chúirteanna i bhfeidhm i leith cistí cúirt a bhainistiú agus a infheistiú.

3.2 Táillí Bainistíochta Infheistíochta:

D'aontaíodh ar scála do tháillí bainistíochta infheistíochta le Bank of Ireland Asset Management agus State Street Global Advisors agus corpraíodh isteach sa Chomhaontú Bainistíochta Infheistíochta é.

Is mar seo a leanas atá an meán táille bainistíochta infheistíochta ar gach ceann de na cistí i 2004:

Airgead Plus:	0.17% Luach Sócmhainní Glan ríofa go seachtainiúil
Banna Plus:	0.13% Luach Sócmhainní Glan ríofa go seachtainiúil
Cothromaithe:	0.25% Luach Sócmhainní Glan ríofa go seachtainiúil
Fás:	0.25% Luach Sócmhainní Glan ríofa go seachtainiúil

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 30 MEÁN FÓMHAIR 2004 (AR LEAN)

3.3 Táillí Riaracháin agus Táille an Choimeádaí:

Is iad seo ná táillí idirbhearta gearrtha ag JP Morgan

Is iad seo a leanas na táillí riaracháin agus táille an choimeádaí ar gach ciste i 2004:

Airgead Plus:	0.03% Táille Frith-Caolaithe ríofa go seachtainiúil
Banna Plus:	0.11% Táille Frith-Chaolaithe ríofa go seachtainiúil
Cothromaithe:	0.15% Táille Frith-Chaolaithe ríofa go seachtainiúil
Fás:	0.20% Táille Frith-Chaolaithe ríofa go seachtainiúil



NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 30 MEÁN FÓMHAIR 2004 (AR LEAN)

4. INFHEISTÍOCHTAÍ

	€
Cothromas Euro	105,802,014
Banna Euro	131,746,973
Airgead Tirim in Euro	211,511,545
Cothromas Neamh-Euro	57,464,868
Banna Neamh-Euro	606,756
Cistí faoi Bhainistiú	48,598,327
Cuntais Taisce	191,735,938
Polasaithe Árachais	1,385,937
PUNANN INFHEISTÍOCHTAÍ	749,852,358

5. FÉICHIÚNAITHE

	2004 €	2003 €
Méideanna cúirte bronnta nach bhfuil faighte fós	5,907,298	7,581,527

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 30 MEÁN FÓMHAIR 2004 (AR LEAN)

6. FIACHAIS REATHA

	2004 €	2003 €
Cáin amach iníoctha	40,086	-
Rótharraingt bhainc (i)	427,065	-
Táillí cúirte	-	273
	467,151	273

(i) Tagann rótharraingt bhainc chun cinn nuair a tógtar seiceanna nach bhfuil déanta san áireamh.

7. CISTÍ COIMEÁDTA DO THRÍÚ PÁIRTITHE

	2004 €
Méideanna coimeádta do choimircithe na cúirte	508,329,936
Méideanna coimeádta do mhionúir	149,672,829
Méideanna coimeádta do chásanna le orduithe breise ar feitheamh	28,073,158
Méideanna coimeádta do thiomnachtaí carthanacha	25,389,530
Méideanna coimeádta do thaiscí le cosaint	19,636,097
Eile	24,190,955
	755,292,505

8. RIOSCAÍ INFHEISTÍOCHTA

Rioscaí Infheistíochta

Tá na hinfheistíochtaí bainistithe ag Oifig an Chuntasóra faoi bhainistíocht bhainisteoirí gairmiúla ag glacadh straitéisí infheistíochta comhaontaithe. Tá riosca ag baint le haon straitéis infheistíochta, agus is iad na príomh rioscaí a bhaineann leis na straitéisí seo ná mar a leanas;

Riosca Margadhphraghais

Tagann riosca margadhphraghais chun cinn ó neamhchinnteacht faoi phraghsanna ionstraimí airgeadais sa todhchaí. Léiríonn sé an caillteanas féideartha a d'fhéadfadh a bheith i gceist trí suímh mhargaidh a choimeád in ainneoin gluaiseachtaí praghais. Tá na hinfheistíochtaí coimeádta faoi réir gnáth gluaiseachtaí margaidh agus na rioscaí a bhaineann le hinfheistíocht i margaí urrúis idirnáisiúnta. Déanann na bainisteoirí infheistíochta dáileadh sócmhainne na gcistí a phlé chun an riosca a bhaineann le tíortha agus earnálacha tionscail áirithe a íoslaghdú ach fós ag iarraidh na cuspóirí infheistíochta a bhaint amach

Riosca Creidmheasa

Baineann riosca creidmheasa leis an malartán eachtrach, todhchaíonna agus idirbhearta eile agus nochtfaidh siad na cistí do chaillteanais ionchais ionas nach mbeidh na frithpháirtithe eile in ann nó doicheallach a gcuid ndualgais chonartha a chomhlíonadh. Tá deis ann go mbeadh na réitigh chonarthach atá ann neamhleor toisc nach mbeadh an chomhthaobhacht nó sócmhainní eile go leor chun oibleagáidí an frithpháirtí a shásamh.

Riosca Airgeadra Eachtraigh

Tá roinnt de na cistí infheistithe i sócmhainní airgeadais ainmnithe in airgeadraí eile seachas an Euro (féach nóta 4). Is féidir le laghdú in aischur agus caillteanas caipitil a bheith mar thoradh ar ghluaiseachtaí bun os cionn i rátaí malairte airgeadra.

9. IONCAM INFHEISTÍOCHTA

	2004 €
Ús taisce	4,533,395
Díbhinní	1,881,006
Scaireanna in ionad díbhinní	483,766
Ús ar infheistíochtaí eile	3,180,993
Eile	16,569
	10,095,729

10. COSTAIS

	2004 €
Táillí cúirte (féach Nóta 3.1 ar lth. 28)	2,027,251
Táille bhainistíochta infheistíochta (féach Nóta 3.2 ar lth. 28)	421,121
Táillí riaracháin agus táille an choimeádaí (féach Nóta 3.3 ar lth. 29)	313,388
Táillí ilghnéitheacha ar chistí faoi bhainistiú (i)	305,797
Cánacha	78,048
Táillí bhróicéirí	54,611
Táillí bainc	538
	3,200,754

(i) Tógann na táillí seo san áireamh táillí idirbheartaíochta, táillí iniúchta, táillí coimeádta, táillí proifisiúnta eile, táillí iontaobhaithe agus ús bainc.

11. IONCAM EILE

Léirítear ioncam eile inter alia, scaireanna in ionad díbhinní, ús ar infheistíochtaí eile agus aisíocaíochtaí cánach.

12. EACHTRAÍ I NDIAIDH AN CHLÁIR CHOMHARDAITHE

Ní raibh aon eachtraí i ndiaidh an chláir chomhardaithe, a bheidh athbhreithniú de na figiúirí sna ráitis airgeadais ag teastáil dá bharr.

COURTS SERVICE
An tSeirbhís Chúirteanna

CUNTASÓIR NA GCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

An tSeirbhís Chúirteanna
Teach an Fhionnuisce
Sráid an Fhionnuisce Thuaidh
Margadh na Feirme
Baile Átha Cliath 7.

Guthán: (01) 888 6211
(01) 888 6214

Suíomh gréasáin: www.courts.ie